# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2021/2231 ÓN gCOMHAIRLE

**an 9 Nollaig 2021**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2022 a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ("TCT") i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagal 35 TCT, tá Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair ("an Coiste Stiúrtha") le buiséad an Chomhphobail Iompair a ghlacadh gach bliain. De réir Airteagal 35 TCT, tugtar de chumhacht freisin don Choiste Stiúrtha cinntí a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme.

(3) Tá an Coiste Stiúrtha le cinneadh a ghlacadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair do 2022 le linn a chruinnithe i mí na Nollag 2021.

(4) Tá gá le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2022 atá beartaithe ionas go bhfeidhmeoidh comhlachtaí an Chomhphobail Iompair go cuí. Cumhdaítear leis na costais le haghaidh acmhainní daonna, taistil, trealamh agus bogearraí TF, chomh maith le caiteachas oibríochtúil amhail staidéir, cúnamh teicniúil agus eagrú comhdhálacha agus cruinnithe.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bhunú, ós rud é go bhfuil cinneadh den sórt sin riachtanach d'fheidhmiú Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, agus beidh siad ina gceangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair don bhliain 2022 bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach ([2]).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

([2]) Féach doiciméad ST 14006/21 ag http://register.consilium.europa.eu

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. HOJS